# Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt

## Seimineár Curaclaim 3: Léargais Nua

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2019

# An Clár Ábhar

Réamhrá 3

Plé 1 6

Ailíniú idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha ........ 6

Gnéithe sainithe ríthábhachtacha de churaclam athfhorbartha do na luathbhlianta .......... 8

Bogadh ó churaclam comhtháite chuig ábhair ........ 9

Plé 2 10

Ailíniú níos fearr a dhéanamh i seacht ndlínse ........ 11

Ailíniú i gcomhthéacs na hÉireann ........ 12

Struchtúr curaclam comhtháite le tacú le hailíniú níos mó ........ 12

Conclúid 13

# An Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar churaclam na bunscoile. Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luathoideachais, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardcháilíochta a fhorbairt idir seo agus deich nó cúig bliana déag. Caithfimid a chinntiú gur féidir le curaclam bunscoile na todhchaí taithí ábhartha agus mealltach a sholáthar do pháistí a chuireann lena n-óige agus lena mblianta níos deireanaí mar dhaoine fásta. Agus tosca comhthéacsúla á gcur san áireamh, baineann an obair le breith a thabhairt ar chuspóir, struchtúr agus ábhar churaclam na bunscoile athfhorbartha. Tá trí shnáithe chomhlántacha ag baint leis an obair seo: 1) Oibriú le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir (féach Fíor 1). Cuireann gach snáithe leis na cinn eile agus cuidíonn sé le cruth a chur orthu agus mar a chéile, bíonn gach snáithe mar bhuntaca ag na cinn eile.

**Fíor 1: Trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim**




In obair CNCM, tarraingítear go mór as taighde, agus dá bhrí sin scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith páipéar taighde gearr maidir le príomhghnéithe de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaítear sna páipéir thaighde le rannpháirtíocht in athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde i rannóg bunscoile shuíomh gréasáin CNCM ag www.ncca.ie. Táimid ag obair freisin le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn siad seo an éagsúlacht shaibhir comhthéacsanna scoile agus tá siad i bhFóram na Scoileanna.

Reáchtáil CNCM cúig sheimineár idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Rinneadh freastal ar an seimineár trí chuireadh chuig comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne (féach Aguisín 1) agus bhí go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luathbhlianta a d'fhreastail orthu ina mbaill d'Fhóram na Scoileanna (féach Fíor 2). Tugadh deiseanna sna seimineáir chun breith a thabhairt ar na príomhphointí a bhí ag teacht ó na páipéir thaighde, agus chun plé agus cíoradh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearcthaí éagsúla. Áiríodh i ngach seimineár cur i láthair ó spreagchainteoir (féach Aguisín 2) ag díriú ar ghnéithe tábhachtacha de churaclam na bunscoile. Bhí na cúig sheimineár leagtha amach mar seo a leanas:

- Seimineár 1: Cuspóir an Churaclaim
- Seimineár 2: Sineirgí Cumhachtacha
- Seimineár 3: Léargais Nua
- Seimineár 4: Turais Foghlama a Bhreisiú
- Seimineár 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú.

**Fíor 2: Páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna seimineáir churaclaim**



# Curaclam na Bunscoile – Seimineár 3

Reáchtáladh an tríú seimineár dar teideal 'Léargais Nua', ar an 3 Deireadh Fómhair 2018. Bhí ceithre chur i láthair spreagaithisc ag an seimineár mar seo a leanas:

- Rinne Bernie McNally cur i láthair maidir le soláthar luathbhlianta: comhthéacs agus forbairt beartais
- Thug an Dr Harold Hislop cur i láthair maidir le taithí foghlama luathbhlianta: soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí
- Rinne an Dr Emer Smith cur i láthair ar an aistriú chuig an mbunscoil
- Rinne an Dr Alejandra Cortázar cur i láthair maidir le hailíniú curaclaim agus dul chun cinn idir oideachas agus cúram luathóige agus an bhunscoil.

Deis a bhí sa phlé seimineáir do rannpháirtithe freagairt do na smaointe sna cuir i láthair agus iad a phlé. Bunaíodh iad timpeall ar shraith ceisteanna (féach Aguisín 2) agus rannpháirtithe ina suí ag boird chiorclacha chun plé agus díospóireacht a éascú. Cé go raibh pointí ann ar aontaigh na rannpháirtithe orthu, bhí roinnt easaontais ann freisin. Níorbh é an aidhm a bhí leis an bplé teacht ar chomhréiteach, ach cead a thabhairt do gach duine a chuid a rá agus cuimhneamh ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach.

Seo a leanas léargas gairid ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith na bpléití agus tá athfhriotail dhíreacha ó rannpháirtithe le feiceáil i gcló iodálach.

# Plé 1

Díríodh sa chéad phlé ar ailíniú curaclaim i luathbhlianta na bunscoile. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Tá go leor athruithe tarlaithe ó foilsíodh Curaclam na Bunscoile i 1999. Ag machnamh ar na cuir i láthair tosaigh, céard a thacódh le hailíniú níos fearr idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha do na luathbhlianta sa bhunscoil?
2. Céard iad na dúshláin a bhaineann le hailíniú níos fearr a bhaint amach idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha do luathbhlianta na bunscoile?
3. a) I do thuairim, céard iad na gnéithe sainithe ríthábhachtacha de churaclam athfhorbartha do luathbhlianta na bunscoile?
   b) Cé mhéad bliain ba cheart a áireamh sa chuid seo den churaclam – dhá rang naíonáin? Naíonáin, Rang a hAon agus a Dó? Eile?

Tháinig trí théama chun cinn ó na pléití seo:

- Ailíniú idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha
- Gnéithe sainithe ríthábhachtacha de churaclam athfhorbartha do na luathbhlianta
- Bogadh ó churaclam comhtháite chuig ábhair.

## Ailíniú idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha

Cé gur láimhseáladh na tacaíochtaí agus na dúshláin sna ceisteanna astu féin, díríodh an plé den chuid is mó ar bhaic ar an ailíniú idir na hearnálacha réamhscoile agus bunscoile a bhaint. Go deimhin, ní dhearna rannpháirtithe mórán idirdhealaithe idir ailíniú an churaclaim agus na hoideolaíochta agus ailíniú i dtéarmaí struchtúrach nó córais. Cé gur aontaigh siad go raibh ailíniú sa churaclam agus san oideolaíocht inmhianaithe, bhí siad dírithe go hiomlán ar an ngá le plean comhtháite le dul i ngleic le

saincheisteanna struchtúracha agus cultúrtha, agus saincheisteanna gairmiúla maidir le daoine a oibríonn sa spás luathbhlianta. Rud suntasach, ná gur bhain go leor de na tacaíochtaí inmhianaithe leis an ngá chun an comhthéacs don fhoghlaim a fheabhsú, lena n-áirítear timpeallacht foghlama páistí ar fud na n-earnálacha, oideachas réamhsheirbhíse, agus deiseanna um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí agus foghlaimeoirí.

Beidh forfheidhmiú curaclaim naíonán athfhorbartha a léiríonn gnéithe coincheapa *Aistear* dúshlánach, mar gheall go bhfuil tuiscintí éagsúla ar Aistear i scoileanna agus réamhscoileanna agus eatarthu, cosúil le *is uair an chloig sa lá atá in Aistear*, nó *caithfidh múinteoir na hábhair naíonán ar fad a theagasc agus ansin 'Aistear a dhéanamh'.* Teastaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach trasearnála, dírithe ó mhúinteoirí bunscoile agus ó chleachtóirí réamhscoile le chéile chun comhtháthú agus comhoibriú níos mó a bhaint amach.

Faoi láthair, measadh go raibh *Aistear* in iomaíocht le héilimh an churaclaim bunscoile agus *caithfidh múinteoirí pleanáil a chur i láthair i dtéarmaí na n-ábhar curaclaim.* Agus cé gurb ionann an curaclam teanga nua agus deis chun an chaoi a bhféadfaí prionsabail *Aistear* a léiriú ar fud na scoile, tá roinnt amhrais ann maidir lenar féidir leis seo tarlú.

Níl timpeallacht fhisiciúil na gnáth-bhunscoile fabhrach do mhodheolaíocht *Aistear*, agus más gá *Seomra Aistear* a chruthú, caillfear an bhrí atá leis. Tá gá le tuilleadh spáis taobh istigh agus taobh amuigh; seachas sin, coinnítear páistí taobh istigh rófhada. Tá amchlár solúbtha tábhachtach don spraoi agus don fhoghlaim chomhtháite. Tá ról le himirt freisin ag cigirí, chun tábhacht neamhspleáchas an mhúinteora a aithint chuige seo.

Ba cheart go mbeadh an aois tosaithe bunscoile de réir Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), ionas go mbeadh an páiste is óige a théann isteach i naíonáin shóisearacha 4 bliana agus 8 mí d'aois. Ba cheart cóimheasa páiste/múinteora a laghdú, chun cabhrú le múinteoirí curaclam bunaithe ar spraoi a fhorfheidhmiú. Chuirfeadh tacaíocht do pháistí le riachtanais bhreise trí leithdháileadh ginearálta comhaontaithe thar gach earnáil (gan an gá le tuairiscí/diagnóis) baill foirne breise i seomraí ranga naíonán agus sholáthródh sé contanam cúraim do na páistí seo ag am ríthábhachtach ina gcuid forbartha.

Teastaíonn feachtas um fheasacht tuismitheora chun spás a chruthú do phlé ina n-áirítear cleachtóirí, múinteoirí agus tuismitheoirí réamhscoile. *Níl luach ag tuismitheoirí ar chleachtas neamhfhoirmiúil bunaithe ar spraoi ar scoil; anois agus páistí sa bhunscoil, tá am spraoi thart!* Tá aistrithe ríthábhachtach, ach níl mórán deiseanna ann do chleachtóirí réamhscoile agus múinteoirí bunscoile labhairt.

Caithfear dul i ngleic le saincheisteanna cothromais, go háirithe do dhaoine fásta atá ag obair in earnálacha éagsúla. Cé go ndéantar roinnt de na héilimh chéanna ar fhoireann luathbhlianta agus a dhéantar ar fhoireann bunscoile, tá téarmaí agus coinníollacha an-éagsúil acu, agus uaireanta ní bhíonn an luach céanna ar oideachas luathóige, i suíomhanna luathbhlianta agus i scoileanna. Bheadh sé cabhrach dá bhféadfadh múinteoirí agus cleachtóirí taithí a fháil ar shuíomhanna a chéile ionas go bhféadfadh suíomhanna luathbhlianta agus bunscoileanna teanga chomhroinnte a fhorbairt agus foghlaim óna chéile.

Tugadh faoi deara an gá le hathbhreithniú ar cháilíochtaí gairmiúla, éileamh gairme, agus luach saothair, lena n-áirítear an bhearna idir na leibhéil íoscháilíochta de chleachtóirí réamhscoile agus múinteoirí bunscoile. Freisin, laistigh d'earnáil na luathbhlianta tá leibhéil éagsúla cáilíochtaí (NQI leibhéil 5-9) agus tá gá le hoiliúint a ailíniú.

## Gnéithe sainithe ríthábhachtacha de churaclam athfhorbartha do na luathbhlianta

Léiríodh dhá choincheap den 'chreat' sa phlé seo. Úsáideadh an gá atá le creat uileghabhálach chun tagairt a dhéanamh do chreat oideachais ón luathóige go dtí deireadh an oideachais iar-bhunscoile *a léiríonn cé muid féin mar Éireannaigh.* Go pointe áirithe, chonacthas go raibh gné churaclaim leis an gcreat seo: *Folláine, spraíúlacht, cumarsáid, fiosrú agus smaoineamh, aitheantas agus muintearas – d'fhéadfaidís seo croílár comhroinnte a sholáthar chun curaclam a eagrú ón luathóige chuig an iar-bhunscoil.* Chuirfeadh creat den chineál sin, ina gcuirfí foghlaim chomhtháite agus spraíúil ardchaighdeáin chun cinn, le haistrithe bríocha. Ar an dara dul síos, mheas roinnt rannpháirtithe go mbeadh creat curaclaim (a bheadh ina *chreat leathan nach bhfuil saintreorach agus ina ndírítear ar leasa an pháiste agus ar an timpeallacht áitiúil*) agus ionad inmhianaithe do churaclam na bunscoile 1999. Bheadh *torthaí foghlama i gcreat téamach atá oiriúnach don pháiste seachas faoi threoir an mhúinteora* i gcreat den chineál sin, cosúil le *Aistear*. Agus fós, bhraith roinnt daoine nach féidir le gach rud a bheith chomh leathan: caithfear príomhscileanna bunúsacha sa litearthacht agus san uimhearthacht a dheighilt go soiléir. Tá ábhair churaclaim freisin óna dteastaíonn sonraíocht agus ní bheadh creat curaclaim leathan leordhóthanach chun na críche seo. Mar shampla, *teastaíonn sonraíocht ó roinnt ábhair churaclaim cosúil leis an matamaitic.*

Theastódh ón gcuraclam athfhorbartha a bheith an-soiléir maidir le measúnú lena chinntiú go dtacaíonn sé le cleachtas cuí. *Chaolaigh curaclam na bunscoile an múinteoir ag faire mar shamhail*

*mheasúnaithe.* Ba cheart go mbeadh *sainaithint torthaí foghlama pleanáilte agus aon fhoghlaim eile a eascraíonn i rith gníomhaíochta* mar chuid de mheasúnú.

## Bogadh ó churaclam comhtháite chuig ábhair

Ní raibh mórán comhaontú ar an gceist seo agus ní dhearnadh mórán scagadh ar mholtaí a rinneadh. Bhraith roinnt rannpháirtithe gur cheart go gcuimseofaí sa chuid seo den churaclam na ranganna suas go dtí rang a dó agus é sin san áireamh. Faoi láthair ní bhaineann *Aistear* ach le naíonáin shóisearacha agus shinsearacha amháin. D'fhéadfaí é a shíneadh chuig rang a 2 chun athrú oideolaíoch éifeachtach a dhéanamh. Ba cheart go n-éireodh an t-ábhar níos foirmiúla de réir mar a bhogann an páiste ar aghaidh chuig rang a 2/3. Ba cheart go mbeadh torthaí foghlama níos dírithe ar ábhar níos déanaí, agus níos bunaithe ar choincheapa sna luathbhlianta bunscoile. In ionad *Aistear* a 'cheangal' le curaclam na bunscoile, theastaigh ó roinnt rannpháirtithe go mbeadh contanam ann ó na luathbhlianta chuig an mbunscoil go dtí 12 bhliain d'aois. Níor cheart scaoileadh le spraoi ag deireadh chéim a haon; ba cheart go mbeadh oscailteacht chun spás a dhéanamh de seo agus disciplíní foghlama eile chun smaointeoirí cruthaitheacha agus láidre a fhorbairt sa bhunscoil uachtarach.

# Plé 2

Díríodh sa dara plé ar ailíniú curaclaim go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Déantar cur síos i ndréachtpháipéar OECD ar na cuir chuige a ghlacann seacht ndlínse le cabhrú chun ailíniú níos mó a dhéanamh idir na luathbhlianta agus an bhunscoil. Cuirtear na cuir chuige éagsúla seo maidir le hailíniú curaclaim i láthair ar chontanam i bhFíor 2.1 (leathanach 16).
    a) Cén áit a cheapann tú atá Éire suite faoi láthair ar an gcontanam?
    b) Trí athfhorbairt ar churaclam na bunscoile, cén áit ar cheart dúinn é a bheith mar aidhm againn Éire a chur ar an gcontanam? Cén fáth?

**Figure 2.1. Degree of curricular alignment/integration between ECEC and primary school in the seven case studies**




2. Tugadh tacaíocht leathan le fios sa chomhairliúchán ar struchtúr agus am curaclaim (CNCM, 2018) chun gluaiseacht ó churaclam bunaithe ar ábhar chuig curaclam níos comhtháite do luathbhlianta na bunscoile. Céard a fheiceann tú mar fhéidearthacht do struchtúr níos comhtháite a thacódh le hailíniú níos mó le *Aistear*?
3. Céard iad na príomhphointí eile ón bpáipéar OECD a cheapann tú atá tábhachtach d'obair CNCM chun an curaclam do luathbhlianta na bunscoile a athfhorbairt?

Tháinig trí théama chun cinn ó na pléití seo:

- Ailíniú níos fearr a dhéanamh i seacht ndlínse
- Ailíniú i gcomhthéacs na hÉireann
- Struchtúr curaclaim chomhtháite le tacú le hailíniú níos mó.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh imní ar roinnt rannpháirtithe mar gheall go dtuairiscíonn an OECD easpa fianaise le cruthú go bhfuil maitheas iomlán ag baint le hailíniú. Dúirt roinnt díobh gur cheart a bheith cúramach maidir leis an gcaoi a mbreathnaíonn an OECD ar shonraí maidir le beartas, aistrithe, ailíniú nó 'páistí a ullmhú i gcomhair na scoile'. B'fhéidir go léireodh clár oibre an OECD béim níos mó ar ghnóthachtáil (mar atá i dtrialacha caighdeánaithe) ná mar a thacaítear leis i mbearta curaclaim na hÉireann.

## Ailíniú níos fearr a dhéanamh i seacht ndlínse

Ní raibh aon chomhaontú daingean maidir leis an áit ina bhfuil Éire cé go raibh roinnt comhaontaithe go bhfuilimid áit éigin sa lár. Tá uaillmhian bheartais na hÉireann ag bogadh i dtreo an ailínithe, ach níl an cleachtas ag leanúint go tapa, agus níl aon ailíniú struchtúrach ná rialachais ag tarlú. Is gá go mbeadh rannpháirtíocht ar fud na n-earnálacha, comhroinnt taithí, comhroinnt eolais maidir le páistí agus ailíniú oideolaíochta.

Ní léir i gcónaí go bhfuil tuiscint ar Aistear i seomraí ranga naíonán i gcás, mar shampla, go dtugtar léitheoireacht isteach sna naíonáin shóisearacha. Dá bharr sin, léiríodh imní go mb'fhéidir go maolódh 'tincéireacht' le cleachtas reatha léirmhíniú iomlán fhís Aistear – aisfheistiú a bheadh ann.

Chonaic rannpháirtithe roinnt comparáidí idir Éire agus an Nua-Shéalainn agus a curaclam luathoideachais ailínithe le curaclam na scoile. B'fhéidir go bhfuil Éire cosúil leis an Iorua agus an tSeapáin, ach níl an struchtúr bunúsach rialachais againn atá san Iorua ná na tacaíochtaí don aistriú atá ag an tSeapáin. Bhraith roinnt daoine maidir leis an Albain ina bhfuil curaclam comhtháite go hiomlán tugtha isteach, *go bhfuil scoileanna ag streachailt leis an athrú sin. Tá dúshlán ag baint le neamhspleáchas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí agus is gá dúinn é sin a choinneáil i gcuimhne.*

Bhraith daoine eile go raibh Éire cosúil le Victoria (an Astráil) ar an gcontanam mar go bhfuil dhá churaclam againn atá forluite. Tá creat againn ó 0 go 6 bliana agus ansin curaclam ó 4 go 12 bhliain,

mar sin d’fhéadfaí an argóint a dhéanamh go bhfuil forluí againn go struchtúrach, ach nach bhfuil an spás coincheapúil comhroinnte.

## Ailíniú i gcomhthéacs na hÉireann

Cé go raibh fonn ar roinnt rannpháirtithe comhtháthú iomlán a dhéanamh, bhraith roinnt eile gur léim rómhór a bheadh anseo. Agus luas mall an athraithe á aithint (m.sh. athrú chuig foghlaim bunaithe ar spraoi), rinne roinnt daoine argóint ar son cur chuige cuimsitheach iomlán maidir leis an ailíniú, chun gach páiste ó bhreith go 18 mbliana a áireamh.

Chonaic rannpháirtithe ailíniú a bhain le teanga chomhroinnte idir na luathbhlianta agus ranganna naíonán thar speictream lena n-áirítear ailíniú cáilíochta, rialachais, beartais agus meas gairmiúil. Ach, dúradh arís gur gá gach earnáil a aithint mar cheann luachmhar as féin. Fuarthas bealaí in Victoria mar shamhail mhaith chun fiosrú a dhéanamh, chun iad a ailíniú agus a chinntiú *go raibh spás ag an dá earnáil bualadh lena chéile.*

Agus meas á dhéanamh ar an áit is fearr Éire a chur ar an gcontanam sa todhchaí bhí roinnt amhrais maidir le bogadh i dtreo comhtháthú iomlán, a d’fhéadfadh féachaint go dearfach in ionstraim bheartais ach a bhféadfadh teip air a fheiceáil gur féidir leis an scéal a bheith an-éagsúil i ndáiríre le haghaidh réamhscoileanna agus bunscoileanna. In Éirinn, níl mórán cumarsáid fhoirmiúil idir socrúcháin luathbhlianta agus bunscoileanna, agus is gá oibriú air seo i dtosach, agus tá forbairt ghairmiúil leanúnach an-tábhachtach chuige seo.

Pléadh an gá atá ann an méid a bheadh i gceist leis an ailíniú do chleachtóirí a aithint. Aithníodh ullmhacht córais mar ghné ríthábhachtach, agus cé gur gá dúinn foghlaim ó thaithí idirnáisiúnta, caithfimid réiteach a fháil dár gcomhthéacs féin.

## Struchtúr curaclam comhtháite le tacú le hailíniú níos mó

Mar réamhtheachtaí leis an gcóras maidir le struchtúr comhtháite, bhíothas ag lorg soiléiriú ar na spriocanna uileghabhálacha d’oideachas páistí ón luathóige chuig an tsraith shinsearach, agus, más gá, soiléiriú ar na héagsúlachtaí ag gach pointe aistrithe.

Bheadh mionléiriú agus eiseamláiriú de chomhtháthú éifeachtach cabhrach; cheadódh uirlisí úsáide do mhúinteoirí dea-chleachtas a chomhroinnt. Is gá leanúnachas oideolaíochta a chothú, agus línte soiléire dul chun cinn a thaispeáint m.sh. *má bhítear ag spraoi le gaineamh sa réamhscoil céard a thiocfaidh as i rang a trí?* Luadh Tionscnamh rathúil Aistrithe CNCM mar shamhail éifeachtach de mhúinteoirí bunscoile agus cleachtóirí réamhscoile ag obair i gcomhpháirt agus ag aithint nascphointí.

Ná déanaimis rud foirmiúil de luath-thaithí suas go dtí cúig bliana d'aois; caithfimid spraoi a chosaint mar phríomhbhealach chun foghlaim a dhéanamh taobh istigh agus taobh amuigh. Cuireann curaclam bunaithe ar ábhair srian ar oideolaíocht an spraoi nó na foghlama bunaithe ar spraoi. Thug rannpháirtithe faoi deara, áfach, go bhfuil ábhair mar chuid d'oidhreacht chultúrtha agus go mbíonn luach dúchasach leo níos déanaí.

Caithfear struchtúr curaclaim chomhtháite a léiriú i bplean iomlán lena fhorfheidhmiú, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach atá ríthábhachtach. Tá príomhghnéithe ag baint leis an bpróiseas: gairmiúlacht earnáil na luathbhlianta, leibhéil mhuiníne níos mó i measc múinteoirí, am a cheadú don fhoghlaim théamach, gach páirtí leasmhar a áireamh (múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí) sa phróiseas cinnteoireachta. Ach, ní féidir le curaclam ach méid áirithe a dhéanamh. Is léir go gcabhródh sé dá mbeadh measúnú agus cigireacht ailínithe le hionchais an churaclaim. Is gá don chigireacht athrú de réir athrú sa churaclam; ní féidir leis a bheith cúig bliana chun tosaigh.

Cheadódh athrú sa chaoi a cheaptar agus a achtaítear curaclam suas go dtí rang a 3 cur chuige níos comhtháite, agus b'fhéidir gur cheart dúinn *fáil réidh leis na hábhair suas go dtí deireadh rang a 2.* D'fhéadfaí ábhair a leagan amach go fóill ach d'fhéadfadh sé tarlú ar bhealach níos nádúrtha. Chinnteodh níos mó am lánroghnach nach gcaillfimis na hábhair ach go mbíonn pacáiste éagsúil orthu. Struchtúr curaclaim chomhtháite suas go deireadh rang a 2 an cur chuige ab fhearr leo.

# Conclúid

Caitheann CNCM plé a chur chun cinn ag leibhéal córais timpeall ar mhúinteoirí agus páirtithe leasmhara eile (cigireacht, oideachasóirí tosaigh múinteoirí, tuismitheoirí) a réiteach don athrú. Is léir go bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach a bhaineann leis an athrú seo ríthábhachtach, agus clár sonraithe ag baint leis do na hearnálacha luathóige agus bunscoile.

D'fhéadfadh creat curaclaim dea-intinneach, oscailte agus solúbtha, ina dtugtar saoirse agus neamhspleáchas, dul i gcoimhlint le beartais oideachais eile mura mbíonn smaointeoireacht

chomhleanúnach ar fud an chórais. Mar shampla, má eisítear ciorcláin ina gcuirtear clár oibre ar leith chun cinn, (trialacha caighdeánaithe, nó litearthacht agus uimhearthacht) ansin *caithfimid a cheistiú cé chomh hoscailte nó solúbtha is atá an creat curaclaim. Mar aon le creat oscailte teastaíonn beartais oideachais oscailte uait, agus meastóireachtaí agus cigireachtaí oscailte ar scoileanna; nó sin cuirfidh cláir oibre eile cruth ar an gcreat.*

## Aguisín 1: Eagraíochtaí Páirtithe Leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh chuig an Seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Association of Childcare Professionals

Cumann Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Autism Ireland

Barnardos Éireann

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-Óige Éireann

An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim le Chéile

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

An Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Migrants Rights Council Ireland

Gréasán Náisiúnta Óige

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

An tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Royal Society of Chemistry

Safefood

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Gréasán OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

An Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Aguisín 2: Ceisteanna i gcomhair Plé

## Plé a hAon

1. Tá go leor athruithe tarlaithe ó foilsíodh Curaclam na Bunscoile i 1999. Ag machnamh ar na cuir i láthair tosaigh, céard a thacódh le hailíniú níos fearr idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha do na luathbhlianta sa bhunscoil?
2. Céard iad na dúshláin a bhaineann le hailíniú níos fearr a bhaint amach idir *Aistear* agus curaclam athfhorbartha do luathbhlianta na bunscoile?
3. a) I do thuairim, céard iad na gnéithe sainithe ríthábhachtacha de churaclam athfhorbartha do luathbhlianta na bunscoile?

   b) Cé mhéad bliain ba cheart a áireamh sa chuid seo den churaclam – dhá rang naíonán? Naíonáin, Rang a hAon agus a Dó? Eile?

## Plé a Dó

1. Déantar cur síos i ndréachtpháipéar OECD ar na cuir chuige a ghlacann seacht ndlínse le cabhrú chun ailíniú níos mó a dhéanamh idir na luathbhlianta agus an bhunscoil. Cuirtear na cuir chuige éagsúla seo maidir le hailíniú curaclaim i láthair ar chontanam i bhFíor 2.1 (leathanach 16).

**Figure 2.1. Degree of curricular alignment/integration between ECEC and primary school in the seven case studies**



# Aguisín 3: Seimineáir agus Cuir i láthair Spreagaithisc

| Seimineáir | Cuir i láthair Spreagaithisc |
|---|---|
| Seimineár 1:<br>***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2:<br>***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meiti-chleachtais<br>▪ An Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3:<br>***Léargais Nua*** | ▪ Bernie McNally, RLGÓ – Comhthéacs agus forbairtí beartais i soláthar luathbhlianta<br>▪ An Dr Harold Hislop, An Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí i dtaithí foghlama luathbhlianta<br>▪ An tOllamh Emer Smyth, ITES – Aistriú chuig an oideachas bunscoile<br>▪ An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, An tSile – Ailíniú agus dul chun cinn curaclaim |
| Seimineár 4<br>***Turais Foghlama a Bhreisiú*** | ▪ An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí |
| Seimineár 5:<br>***An Turas ar Aghaidh a Rianú*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta<br>▪ An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaight, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim |

NCCA